CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/1217 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meitheamh 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí an brú comhchoiteann a choinneáil ar an Rúis agus é a mhéadú, b'fhéidir, trí bhearta sriantacha breise a thabhairt isteach. Leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí agus a phráinní atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí lena áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí chun feidhme ar bhealach éifeachtach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus tá sí lántiomanta aon teacht timpeall a dhéanfadh tríú tíortha nó a dhéanfaí i dtríú tíortha a ghleic agus a chur ó rath ar bhealach éifeachtach. D'iarr sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na hionstraimí forfheidhmithe riachtanacha uile a neartú agus cur chuige lán-chomhordaithe a fhorbairt chuige sin i gcomhar leis na Ballstáit.

(4) Gníomhaíochtaí arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht teacht timpeall ar na bearta sriantacha a ghlac an tAontas mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, baineann siad an bonn de chuspóir agus d'éifeachtacht na mbeart sriantach sin.

(5) Chun an riosca go rachfar timpeall ar na bearta sriantacha a íoslaghdú, tá sé iomchuí idirthuras earraí agus teicneolaíochta a thoirmeasc trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, le hearraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid sa tionscal eitlíochta nó spáis agus le scairdbhreosla agus breiseáin bhreosla, a onnmhairítear ón Aontas.

(6) An tAontas agus tríú tíortha, mar chomhaltaí den chomhphobal idirnáisiúnta, cosnaíonn siad prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe agus seasann siad le hiomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine.

(7) Aithníonn an tAontas na hiarrachtaí atá déanta ag na húdaráis náisiúnta in go leor tríú tíortha srian a chur le sreabhadh na n-earraí, na teicneolaíochta agus na seirbhísí a chumhdaítear le bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ba cheart don Aontas tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thríú tíortha san iarracht sin leis na modhanna uile atá ar fáil.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

(8) Chun aghaidh a thabhairt ar dhul timpeall bhearta sriantacha an Aontais trí dhlínsí tríú tíortha, ba cheart don Aontas comhar déthaobhach agus iltaobhach a neartú go tapa trí rannpháirtíocht taidhleoireachta leis na tríú tíortha i dtrácht agus trí chúnamh teicniúil méadaithe a sholáthar dóibh. Chun cur chuige lán-chomhordaithe a fhorbairt chuige sin, i gcomhar leis na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas ar bhonn rialta.

(9) Ba cheart gníomhaíocht bhreise a dhéanamh go tapa i gcásanna nach é is toradh ar iarrachtaí an Aontais a dhéantar faoi chuimsiú an chomhair dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh na torthaí a bhí beartaithe, chun teacht timpeall na mbeart sriantach arna nglacadh ag an Aontas mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine arna ndéanamh ag daoine nó eintitis i dtríú tíortha. Ba cheart gníomhaíocht den sórt sin a bheith dírithe, comhréireach agus níor cheart é a bheith d'aidhm aici ach na hacmhainní a bhaint den Rúis, ar acmhainní iad a fhágann gur féidir a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a shaothrú.

(10) Ba cheart don Aontas na bearta iomchuí aonair a ghlacadh lena dtabharfaí aghaidh ar oibreoirí tríú tíortha a éascaíonn teacht timpeall. Féadfar a áireamh ar na bearta sin, ainmniúcháin aonair faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([2]) agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([3]) nó bearta eile faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([4]), amhail eintitis a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, lena n-áirítear ar bhonn faisnéis agus moltaí a fuarthas ó na Ballstáit.

(11) Rachaidh an Aontas i mbun idirphlé cuiditheach an athuair leis an tríú tír i dtrácht tar éis na bearta aonair sin a ghlacadh, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear bearta feabhais i bhfeidhm chun meath a chur ar oibreoirí eile a dhéanfadh an rud céanna. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas faoin ath-rannpháirtíocht sin agus faoin toradh.

(12) I gcás inar follasach, tar éis bearta aonair a ghlacadh agus tuilleadh *engagement* a dhéanamh leis an tríú tír, i bhfianaise mhéid, chineál nó nádúr sistéamach an teacht timpeall leanúnaigh, nach leormhaith nó nach leordhóthanach na céimeanna sin chun an teacht timpeall sin a chosc sa tríú tír lena mbaineann nó tríd an tríú tír sin, ba cheart don Aontas a bheith in ann bearta breise a dhéanamh.

(13) Chun go mbeidh an tAontas in ann bearta eisceachtúla na rogha deiridh a dhéanamh sna cásanna dá dtagraítear in aithrisí 9 agus 12, is iomchuí an fhéidearthacht a thabhairt isteach srian a chur ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí dé-úsáide íogaire agus teicneolaíochta dé-úsáide íogaire, nó earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata, teicneolaíoch agus tionsclaíoch na Rúise, nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise, ar bhealach lena neartófaí cumas na Rúise cogadh a chur, agus a bhfuil toirmeasc ar a n-onnmhairiú chuig an Rúis faoi Chinneadh 2014/512/CBES agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 chuig tríú tíortha a léirítear go bhfuil ardriosca leanúnach ann go n-úsáidfear a ndlínse le haghaidh teacht timpeall.

(14) Is í an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a ghlacfaidh cinntí maidir le tríú tír agus earraí nó teicneolaíocht spriocdhírithe a áireamh faoi raon feidhme an bhirt sin.

(15) Sula gcuirfear togra faoi bhráid na Comhairle chun dul ar aghaidh leis na bearta na rogha dheiridh sin, cuirfidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Choimisiún an Chomhairle ar an eolas maidir leis na sonraí teicniúla agus maidir leis na gníomhaíochtaí for-rochtana a rinneadh agus maidir leis na bearta forfheidhmiúcháin.

(16) Ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an n-áireofar earraí agus teicneolaíocht spriocdhírithe agus na tríú tíortha lena mbaineann an beart rogha deiridh sin, bunaithe ar an togra sin, agus anailís theicniúil chríochnúil arna déanamh ag an gCoimisiún ar na saincheisteanna imchéimnithe atá i gceist á cur san áireamh, lena n-áirítear sonraí trádála atá ar fáil lena léirítear go raibh na bearta malartacha a rinneadh neamhéifeachtach, chomh maith le faisnéis faoi na hiarrachtaí a rinne an tAontas chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar leis an tríú tír i dtrácht, agus léiriú soiléir nár éirigh leis na hiarrachtaí sin.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

(17) Sula n-áireoidh an tAontas tríú tír ar liosta na dtíortha lena mbaineann an beart sin, ba cheart don Aontas rialtas an tríú tír sin a chur ar an eolas agus tuairimí rialtas an tríú tír sin a lorg go gníomhach ar bhonn na réamhthorthaí a leagtar amach san anailís theicniúil ón gCoimisiún agus na gníomhaíochta feabhais atá beartaithe ag an Aontas. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas faoi gach céim den rannpháirtíocht agus faoina toradh. Ní glacfaidh an Chomhairle cinneadh den sórt sin go dtí go mbeidh an fhor-rochtain deiridh leis an tríú tír sin tugtha i gcrích.

(18) Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar ábhar Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Cinneadh 2014/512, ar bhonn faisnéis theicniúil chríochnúil ón gCoimisiún. Ní mór cuspóirí an bhirt agus toradh na rannpháirtíochta leanúnaí leis na tríú tíortha lena mbaineann a chur san áireamh san athbhreithniú sin, lena n-áirítear bearta arna moladh ag na tríú tíortha maidir leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar theacht timpeall.

(19) Tá sé iomchuí freisin 87 eintiteas nua a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, eadhon le liosta na n-eintiteas a thacaíonn go díreach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, ar eintitis iad ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Go háirithe, agus an nasc díreach idir monaróirí Iaránacha Aerárthaí míleata Gan Foireann agus coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise á chur san áireamh, ba cheart ceithre eintiteas bhreise i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le monarú Aerárthaí Gan Foireann agus a soláthar don Rúis a chur leis an liosta sin. Ina theannta sin, i bhfianaise phríomhról cumasaithe na gcomhpháirteanna leictreonacha lena n-úsáid ag coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise chun tacú leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, is iomchuí freisin eintitis áirithe eile a áireamh ar an liosta sin, eintitis i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le teacht timpeall ar shrianta trádála chomh maith le heintitis áirithe Rúiseacha a bhfuil baint acu le forbairt, táirgeadh agus soláthar comhpháirteanna leictreonacha do choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.

(20) Tá sé iomchuí freisin liosta na n-ítimí a chuireann le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnáil cosanta nó slándála a leathnú, trí ítimí a chur leis ar bhain an Rúis úsáid astu le haghaidh a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus ítimí a chuireann le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear comhpháirteanna leictreonacha, ábhair leathsheoltóra, trealamh monaraíochta agus tástála le haghaidh ciorcaid chomhtháite leictreonacha agus cláir ciorcad phriontáilte, réamhtheachtaithe de chuid ábhar fuinniúil agus réamhtheachtaithe de chuid airm cheimiceacha, comhpháirteanna optúla, ionstraimí loingseoireachta, miotail a úsáidtear in earnáil na cosanta agus trealamh muirí. Is iomchuí liosta na n-arm tine srianta, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón a leathnú, agus cineálacha eile arm a chur leis.

(21) Tá sé iomchuí srianta breise a fhorchur ar onnmhairí earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise a fheabhsú.

(22) Tá sé iomchuí toirmeasc a chur ar chearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile, chomh maith le cearta a dheonú chun rochtain a fháil ar aon ábhar nó aon fhaisnéis a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad, lena mbaineann earraí agus teicneolaíochtaí agus a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chuig duine, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(23) Thug an Rúis faoi fheachtas córasach idirnáisiúnta ionramháil na meán agus saobhadh fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe ar a tíortha comharsanachta agus ar an Aontas agus a Bhallstáit. Go háirithe, dhírigh an bholscaireacht ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha arís agus arís eile agus ar bhonn leanúnach, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, agus chomh maith leis sin ar an tsochaí shibhialta, ar iarrthóirí tearmainn agus ar mhionlaigh eitneacha na Rúise, ar mhionlaigh inscne, agus ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha san Aontas agus ina Bhallstáit.

(24) Chun údar agus tacaíocht a thabhairt dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, thug an Rúis faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta leanúnacha comhbheartaithe dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas agus ar thíortha comharsanachta, rud a dhéanann fíricí a shaobhadh agus a ionramháil go mór.

(25) Rinneadh na gníomhaíochtaí bolscaireachta sin a sheoladh trí roinnt eagraíochtaí meán faoi bhuanrialú díreach nó indíreach cheannaireacht Chónaidhm na Rúise. Is bagairt shuntasach, dhíreach iad gníomhaíochtaí den sórt sin ar ord poiblí agus ar shlándáil an Aontais. Tá na heagraíochtaí meán sin ríthábhachtach agus tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt don chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus é a thabhairt chun cinn, agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do dhíchobhsú na dtíortha comharsanachta.

(26) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, is gá, i gcomhréir leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise, mar a aithnítear in Airteagal 11 di, tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta na n-eagraíochtaí meán sin san Aontas nó na gníomhaíochtaí craoltóireachta atá dírithe ar an Aontas a chur ar fionraí. Ba cheart na bearta a choinneáil ar bun go dtí go gcuirfear deireadh leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, agus go dtí go n-éireoidh an Rúis, agus a heagraíochtaí meán gaolmhara, as gníomhaíochtaí bolscaireachta a dhéanamh in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát.

(27) I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17 di, ní chuireann na bearta sin cosc ar na heagraíochtaí meán ná ar a bhfoireann gníomhaíochtaí a dhéanamh san Aontas seachas craoladh, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, leis na bearta sin, ní mhodhnaítear an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(28) Tá sé iomchuí an toirmeasc a leathnú ar earraí a iompar de bhóthar san Aontas ar leantóirí agus leathleantóirí atá cláraithe sa Rúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe lasmuigh den Rúis a tharraingíonn iad.

(29) Mar thoradh ar iarrachtaí teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, tá méadú mór tagtha ar chleachtais mheabhlacha a dhéanann soithí a iompraíonn táirgí amhola agus peitriliam Rúiseacha. Dá bhrí sin, is iomchuí toirmeasc a chur ar shoithí atá ag gabháil d'aistrithe ó long go long rochtain a bheith acu ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch an Aontais i gcás ina bhfuil cúis réasúnach ag na húdaráis inniúla amhras a bheith orthu go bhfuil soitheach ag sárú an toirmisc ar tháirgí amhola agus peitriliam de chuid na Rúise a allmhairiú ar muir isteach san Aontas nó i gcás ina bhfuil táirgí amhola nó peitriliam de chuid na Rúise a ceannaíodh os cionn na caidhpe praghais arna comhaontú ag Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais á n-iompar aige. Tá feidhm ag an dtoirmeasc sin maidir le gach soitheach, gan beann ar a bhratach chlárúcháin, agus maidir le haon aistriú ó long go long a dhéantar tráth ar bith le linn an turais chuig calafoirt nó loic Ballstáit. In aon chás, beidh toirmeasc ar shoithí rochtain a fháil ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch an Aontais mura dtabharfaidh siad fógra don údarás inniúil 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh ré faoi aistriú ó long go long a tharlóidh laistigh de limistéir gheografacha shonracha. Ina theannta sin, leis an toirmeasc sin, neartófar a thuilleadh na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun a gcóstaí a chosaint ar thionóiscí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar na haistrithe sin ó long go long.

(30) Is iomchuí freisin, maidir le soithí a bhfuil cúis réasúnach ag na húdaráis inniúla amhras a bheith orthu go bhfuil siad ag cur isteach go neamhdhleathach ar a gcóras aitheantais uathoibríoch ar bord loinge (AIS) nó go bhfuil siad á mhúchadh nó á dhíchumasú ar bhealach eile agus táirgí amhola agus peitriliam Rúiseacha á n-iompar de shárú ar Rialachán SOLAS V/19 pointe 2.4, toirmeasc a chur ar rochtain a bheith acu ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch an Aontais. Níl feidhm ag an toirmeasc sin i gcás inar féidir an córas AIS ar bord loinge a mhúchadh go dlisteanach i gcomhréir le comhaontuithe, rialacha nó caighdeáin idirnáisiúnta lena bhforáiltear do chosaint faisnéise loingseoireachta, amhail loingseoireacht trí uiscí ardriosca slándála.

(31) Tá feidhm ag an dtoirmeasc sin freisin maidir le gach soitheach, gan beann ar a bhratach chlárúcháin, agus maidir le haon chur isteach neamhdhleathach ar an gcóras loingseoireachta a dhéantar tráth ar bith le linn an turais chuig calafoirt nó loic Ballstáit.

(32) Tá feidhm ag toirmisc a bhaineann le rochtain ar chalafoirt maidir le haon soitheach, bíodh sé ar feistiú ag calafort nó ar ancaire laistigh de dhlínse calafoirt Ballstáit. I gcás Mhurascaill na Fionlainne, baineann na toirmisc sin le haon soitheach, bíodh sí ar feistiú i gcalafort nó ar ancaireacht atá suite in uiscí teorann nó in uiscí inmheánacha Ballstáit.

(33) Tá sé iomchuí díolúintí agus maoluithe a chur ar fáil chun cead a thabhairt do shoithí den sórt sin rochtain a fháil ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch Aontais le haghaidh sábháilteacht mhuirí, lena n-áirítear ábhair imní maidir leis an gcomhshaol, duine a shábháil ar muir agus cúiseanna daonnúla.

(34) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2022/884 ón gComhairle ([5]) agus le Rialachán (AE) 2022/879 ón gComhairle ([6]) go bhfuil na Ballstáit le gach beart is gá a dhéanamh chun soláthairtí a fháil, soláthairtí atá malartach d'allmhairiú amhola trí phíblíne ón Rúis ionas go mbeidh na hallmhairí sin faoi réir na dtoirmeasc a luaithe is féidir. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart deireadh a chur leis an maolú sealadach arna dheonú don Ghearmáin agus don Pholainn chun amhola a sholáthar trí phíblíne ón Rúis tríd an gcuid thuaidh de phíblíne ola Druzhba. Ní thoirmisctear ola a thagann ón gCasacstáin nó ó thríú tír eile agus atá ar idirthuras tríd an Rúis trí phíblíne ola Druzhba a allmhairiú.

(35) Foráiltear le sásra na caidhpe praghais go bhféadfar tionscadail shonracha atá riachtanach do shlándáil fuinnimh tríú tíortha áirithe a dhíolmhú ón gcaidhp phraghais. Ba cheart síneadh a chur go dtí an 31 Márta 2024 leis an díolúine dá bhforáiltear i ndáil le Tionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2), atá lonnaithe sa Rúis, chun riachtanais slándála fuinnimh na Seapáine a áirithiú.

(36) Chun gan an bonn a bhaint de sholáthairtí fuinnimh criticiúla nach bhfuil toirmeasc ar a n-allmhairiú isteach san Aontas ó thríú tíortha á gcur san áireamh, is iomchuí cothabháil agus oibriú leordhóthanach bhonneagair Phíblíne Chuibhreannais Chaisp (CPC) a ráthú, lena gcumasaítear ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine agus nach mbíonn ach á luchtú isteach sa Rúis, ag imeacht as an Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis. Is iomchuí maoluithe a thabhairt isteach ar na toirmisc ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó ar earraí nó teicneolaíocht áirithe a úsáid sa Rúis, ar mhaoiniú nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, nó ar sholáthar seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí tástála teicniúla agus seirbhísí anailíse ar maoluithe iad a bhfuil fíorghá leo chun na críche sin, faoi réir coinníollacha dochta chun riosca an teacht timpeall a sheachaint.

(37) Chun teacht timpeall ar an toirmeasc ar urrúis inaistrithe a sholáthar do dhaoine sa Rúis a sheachaint, is iomchuí an toirmeasc sin a leathnú chuig ionstraimí airgeadais atá ainmnithe in airgeadra ar bith.

(38) Is iomchuí freisin maolú a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar sheirbhísí áirithe a sholáthar d'eintitis Rúiseacha a bhíonn ag teastáil chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, ar balla dóiteáin é lena mbaintear an rialú atá á fheidhmiú ag duine liostaithe ar shócmhainní eintitis neamhliostaithe de chuid an Aontais ar leis an duine liostaithe é nó a rialaíonn an duine sin, agus a áirithiú nach bhfabhróidh aon tairbhe don eintiteas sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh an t-eintiteas sin in ann leanúint dá oibríochtaí gnó.

(39) Is gá soiléiriú breise a dhéanamh ar an bhfianaise is gá le haghaidh allmhairiú táirgí iarainn agus cruach a phróiseáiltear i dtríú tír ar táirgí iad ina n-ionchorpraítear táirgí iarainn agus cruach de thionscnamh na Rúise.

(40) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar cheannach, allmhairiú nó aistriú ítimí áirithe lena ngintear ioncam suntasach don Rúis agus a bhfuil gá leo chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú.

(41) Is gá freisin soiléirithe a thabhairt isteach maidir leis na húdaráis inniúla chun fógraí a fháil faoi eitiltí neamhsceidealta idir an Rúis agus an tAontas.

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/884 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 153, 3.6.2022, lch. 128).

([6]) Rialachán (AE) 2022/879 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 153, 3.6.2022, lch. 53).

(42) Is iomchuí freisin síneadh a chur leis an spriocdháta chun maolú sealadach a chur i bhfeidhm ar an toirmeasc ar sholáthar seirbhísí áirithe, arb é is aidhm dó an dífheistiú ó mhargadh na Rúise ag oibreoirí an Aontais a éascú a thuilleadh. Chun dlús a chur le dífheistiú oibreoirí Rúiseacha ó mhargadh an Aontais, tá sé iomchuí maolú sealadach a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar sheirbhísí comhairleacha dlíthiúla a sholáthar do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis. Soláthar seirbhísí dlí atá éigeantach, faoi reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát é a údarú go dtí an 31 Márta 2024 chun dífheistiú den sórt sin a chur i gcrích.

(43) D'fhonn cur chun feidhme iomlán agus aonfhoirmeach na mbeart sriantach a áirithiú, is iomchuí do na Ballstáit na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon údarú a dhiúltaítear faoi Chinneadh 2014/512/CBES, agus faisnéis a roinnt maidir le hiarrataí ar údarú a bhfuil sé beartaithe acu a dheonú i gcás inar thug Ballstát eile fógra cheana féin maidir le diúltú, chun siopadóireacht dlínse a sheachaint.

(44) Is iomchuí freisin feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú srianta onnmhairiúcháin ar ítimí íogaire a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, amhail earraí dé-úsáide agus earraí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, chun cur i gcoinne riosca an teacht timpeall ag daoine nó eintitis a bhfuil baint acu le soláthar earraí toirmiscthe de chuid an Aontais lena n-úsáid sa Rúis, nó soláthar seirbhísí toirmiscthe, de shárú ar Chinneadh 2014/512/CBES agus ar Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(45) Is iomchuí tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar na forálacha maidir le malartú faisnéise idir údaráis Ballstáit agus le húdaráis na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún.

(46) Is iomchuí cur le liosta na dtíortha comhpháirtíochta a bhfuil sraith beart rialaithe onnmhairiúcháin á cur i bhfeidhm acu atá coibhéiseach go substaintiúil leis na bearta a leagtar amach i gCinneadh 2014/512/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(47) Ar deireadh, is gá ceartúcháin theicniúla áirithe a dhéanamh, lena n-áirítear trí thagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag cheana a scriosadh, agus struchtúr Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a atheagrú. Mar thoradh ar na ceartúcháin sin, cumhdaítear anois le hAirteagal 4k de Chinneadh 2014/512/CBES an toirmeasc a bhaineann le hallmhairí guail; dá bhrí sin, tá Airteagal 4l de Chinneadh 2014/512/CBES iomarcach anois agus ba cheart é a scriosadh. Níl sé i gceist aon éifeacht dlíthiúla a bheith ag scriosadh tagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag cheana féin ar chonarthaí a bhí i bhfeidhm roimhe seo ná ar chonarthaí leanúnacha nó ar infheidhmeacht na n-idirthréimhsí sin.

(48) Ní mór don Aontas gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(49) Ba cheart, dá bhrí sin Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1aa(3), scriostar pointe (c);

(2) in Airteagal 1d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le hurrúis inaistrithe a ainmníodh in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit agus a eisíodh tar éis an 12 Aibreán 2022, nó a ainmníodh in aon airgeadra eile agus a eisíodh tar éis an 6 Lúnasa 2023 nó aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a chuireann neamhchosaint ar na hurrúis sin ar fáil, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol le haon náisiúnach Rúiseach nó le haon duine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.';

(3) leasaítear Airteagal 1h mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'1. Maidir le feidhmiú aon chonradh poiblí nó aon chonradh lamháltais a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE (*), 2014/24/AE (**), 2014/25/AE (***), 2009/81/CE (****) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar aon le hAirteagal 10(1), (3), (6) pointí (a) go (e), (8), (9) agus (10), Airteagail 11, 12, 13 agus 14 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 7, pointí (a) go (d), agus Airteagal 8, Airteagal 10 pointí (b) go (f) agus (h) go (j) de Threoir 2014/24/AE, Airteagal 18, Airteagal 21 pointí (b) go (e) agus (g) go (i), Airteagail 29 agus 30 de Threoir 2014/25/AE agus Airteagal 13 pointí (a) go (d), (f) go (h) agus (j) de Threoir 2009/81/CE, cuirfear toirmeasc ar é a dhámhachtain orthu seo a leanas nó ar leanúint dá fheidhmiú in éineacht leo seo a leanas:

_____

(*) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

(**) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(***) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

(****) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).'

(b) i mír 2, scriostar pointe (f);

(4) leasaítear Airteagal 1k mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'9a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas a ndéantar an méid seo a leanas leis:

(a) cuirtear deireadh leis an rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an gcéad cheann sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin a liostaítear.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

'11. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 9a agus 10 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(5) in Airteagal 3(2) cuirtear an pointe seo a leanas leis

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(6) leasaítear Airteagal 3a mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Toirmiscfear idirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, a onnmhairítear ón Aontas.';

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo.';

(d) i mír 4, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(i) atá beartaithe le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise.';

(e) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise a údarú ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.';

(7) leasaítear Airteagal 3aa mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus airm thine agus airm áirithe eile, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, cuirfear toirmeasc ar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).';

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hítimí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.';

(8) in Airteagal 4c(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(9) leasaítear Airteagal 4d mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Toirmiscfear earraí agus teicneolaíocht a bheidh oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus scairdbhreosla agus breiseáin bhreosla, a onnmhairítear ón Aontas, a idirthuras trí chríoch na Rúise.';

(b) i mír 4, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'6d. De mhaolú ar mhír 1a den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíocht a bheidh oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus idirthuras scairdbhreoslaí agus breiseán breosla mar a liostaítear in Iarscríbhinn XX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 6a, 6b agus 6c den Airteagal seo a údarú trí chríoch na Rúise.

6e. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú, má tá sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a údaraíonn iad agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise.';

(10) in Airteagal 4e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh oibreoirí aerárthaí eitiltí neamhsceidealaithe idir an Rúis agus an tAontas, a oibrítear go díreach nó trí thríú tír, gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an eitilt a chur in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta nó an Bhallstáit cinn scríbe sula n-oibreoidh siad, agus 48 n-uair an chloig roimh ré ar a laghad.';

(11) in Airteagal 4h(2), cuirtear an méid seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(12) i mír 5 d'Airteagal 4ha, scriostar pointe (e);

(13) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4hb*

1. Cuirfear toirmeasc, ón 24 Iúil 2023 ar rochtain a thabhairt ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch an Aontais, d'aon soitheach a dhéanann aistrithe ó long go long, tráth ar bith le linn an turais go calafoirt nó go loic Ballstáit, i gcás ina bhfuil cúis réasúnach ag an údaráis inniúil amhras a bheith air go bhfuil na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 4o (1) agus (2) agus in Airteagal 4p (1) agus (4) á shárú ag an soitheach.

2. Ní dheonóidh údarás inniúil rochtain mura dtabharfaidh an soitheach fógra don údarás inniúil 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh ré maidir le haistriú ó long go long a tharlóidh laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ballstáit nó laistigh de 12 mhuirmhíle ó bhonnlíne chósta an Bhallstáit sin.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc i gcríoch an Aontais, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain sin chun críoch daonnúil.

5. Ar dhiúltú do ghlao ar rochtain ar chalafoirt i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann údaráis inniúla eile na mBallstát ar an eolas láithreach bonn. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

6. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, úsáidfidh na húdaráis inniúla, sa bhreis ar aon chóras náisiúnta agus aon fhaisnéis náisiúnta, an fhaisnéis mhuirí chomhtháite atá ar fáil i gCóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

Airteagal 4hc

1. Cuirfear toirmeasc ón 24 Iúil 2023 ar rochtain a thabhairt ar chalafoirt agus ar loic i gcríoch an Aontais, d'aon soitheach a bhfuil cúis réasúnach ag an údarás inniúil amhras a bheith air go bhfuil sé ag cur isteach go neamhdhleathach ar a chóras aitheantais uathoibríoch ar bord loinge, nó go ndearna sé an córas sin a mhúchadh nó a dhíchumasú ar bhealach eile, tráth ar bith le linn an turais go calafoirt nó go loic Ballstáit, de shárú ar Rialachán SOLAS V/19, pointe 2.4, agus táirgí amhola nó peitriliam á n-iompar faoi réir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 4o(1) agus (2) agus in Airteagal 4p(1) agus (4).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás ina bhfuil cuaird ar chalafort éigeandála aige ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc i gcríoch an Aontais, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain sin chun críoch daonnúil.

4. Ar dhiúltú do ghlao ar rochtain ar chalafoirt i gcomhréir le mír 1, cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann údaráis inniúla eile na mBallstát eile ar an eolas láithreach bonn. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile, agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

5. Chun críocha mhír 1, úsáidfidh na húdaráis inniúla, sa bhreis ar aon chóras náisiúnta agus aon fhaisnéis náisiúnta, an fhaisnéis mhuirí chomhtháite atá ar fáil i gCóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.';

(*) Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

(14) Leasaítear Airteagal 4i mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) táirgí iarainn agus cruach mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a allmhairiú nó a cheannach, ón 30 Meán Fómhair 2023, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí iarainn agus cruach de thionscnamh na Rúise mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014; maidir le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 883/2014 a phróiseáiltear i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí cruach de thionscnamh na Rúise dar cóid AC 7207 11, 7207 12 10 nó 7224 90, beidh feidhm ag an toirmeasc seo ón 1 Aibreán 2024 i gcás chód AC 7207 11 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2024 i gcás chóid AC 7207 12 10 agus 7224 90;

Chun críocha chur i bhfeidhm an phointe seo, tráth an allmhairithe, cuirfidh allmhaireoirí fianaise ar fáil maidir le tír thionscnaimh na n-ionchur iarainn agus cruach a úsáideadh chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír.';

(b) scriostar míreanna 2 agus 3;

(15) Leasaítear Airteagal 4j mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh feidhm acu maidir le só-earraí a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh na hítime mura sonraítear a mhalairt.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla díol nó soláthar soithigh a thagann faoi réim chód AC 8901 10 00 nó 8901 90 00, nó soláthar, go dtí 31 Nollaig 2023, cúnaimh theicniúil nó airgeadais ghaolmhair a údarú do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) sa Rúis atá an soitheach lonnaithe go fisiciúil an 24 Meitheamh 2023 agus is lena úsáid sa Rúis atá sé;

(b) bhí bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain ag an soitheach faoi chlárú cairtfhostaithe a cuireadh i gcrích ar dtús roimh an 24 Feabhra 2022;

(c) ní úsáideoir deiridh míleata é an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sa Rúis agus ní úsáidfidh sé an soitheach chun críche míleata;

(d) ní chun tairbhe duine, eintitis, ná comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES nó atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear sa Chinneadh seo an díol nó an soláthar.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 4 agus 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(16) Leasaítear Airteagal 4k mar seo a leanas:

(a) scriostar míreanna 3, 3b, 3ba agus 3d;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3e. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chóid AC 7007, 8479, 8481, 8487, 8504, 8517, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8542, 8543, 8603 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais ghaolmhair a údarú, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist, arna seachadadh in 2018, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus ráthaíocht a thug Metrowagonmash roimh an 24 Meitheamh 2023 á forfheidhmiú.';

(17) scriostar Airteagal 4l;

(18) leasaítear Airteagal 4m mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Maidir leis na hearraí nach mó a luach ná EUR 50 000 in aghaidh an aonaid a thagann faoi chóid AC 8703 23, 8703 24, 8703 32, 8703 33, 8703 40, 8703 50, 8703 60, 8703 70, 8703 80, 8703 90 nó 8903, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Meán Fómhair 2023 na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Meitheamh 2023, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3a:

'3a. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 2710 12, 2909 60, 3905 99, 4002 19, 4002 70, 4010 11, 4010 12, 4011 20, 4012 90, 4805 93, 4810 29, 4823 90, 7216 61, 8402 11, 8454 30, 8477 10, 8477 20, 8477 59, 8477 80, 8477 90, 8514 32, 8514 40, 8525 89, 8704 21, 9024 90, 9031 10, 9031 41, 9031 49, 9031 80, 9031 90 nó 9406 20, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Meán Fómhair 2023 na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Meitheamh 2023, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3b

'3b. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC arna n-áireamh den chéad uair in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 an 24 Meitheamh 2023 agus nach dtagraítear dóibh i míreanna 3 agus 3a den Airteagal seo, agus cé is moite na hearraí a thagann faoi chóid AC a áiríodh cheana féin in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an Rialachán sin, ní bheidh feidhm, go dtí an 25 Meán Fómhair 2023, ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Meitheamh 2023, nó maidir le forghníomhú na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(e) scriostar mír 3c;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4b:

'4b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chaibidlí AC 72, 84, 85, agus 90, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5b:

'5b. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 4a, 4b agus 5 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(19) leasaítear Airteagal 4n mar seo a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hiompar earraí laistigh de chríoch an Aontais ag gnóthais iompair de bhóthar, a dhéantar trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí atá cláraithe sa Rúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe i dtíortha eile a tharraingíonn iad.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a maidir leis an méid seo a leanas go dtí an 30 Meitheamh 2023 chuig iompar earraí a thosaigh roimh an 24 Meitheamh 2023, ar choinníoll go bhfuil an méid seo a leanas fíor faoin leantóir nó faoin leathleantóir:

(a) bhí sé i gcríoch an Aontais cheana féin an 24 Meitheamh 2023; nó

(b) nach mór dó idirthuras tríd an Aontas chun filleadh ar an Rúis.';

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit iompar earraí ag gnóthas iompair de bhóthar a bhunaítear sa Rúis nó ag aon ghnóthas iompair de bhóthar a údarú nuair is leantóirí nó leathleantóirí a chláraítear sa Rúis a iompraítear na hearraí, lena n-áirítear más trucailí a chláraítear i dtíortha eile a tharlaíonn na leantóirí nó na leathleantóirí sin, má tá sé cinntithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an iompar sin chun:'

(20) in Airteagal 4o, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Scoirfidh an díolúine i mír 3, pointe (d), d'fheidhm a bheith aici maidir leis an nGearmáin agus leis an bPolainn an 23 Meitheamh 2023.'

(21) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4pa*

1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4h agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó idirthuras tríd an Rúis na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear sna hAirteagail sin a údarú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhisí eile, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, chun píblínte de Phíblíne Chuibhreannais Chaisp (CPC) agus an bonneagar gaolmhar a oibriú agus cothabháil a dhéanamh orthu, ar earraí agus ar teicneolaíocht iad a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine agus nach bhfuil ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó idirthuras tríd an Rúis den sórt sin, nó soláthar an chúnaimh ghaolmhar theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhisí eile, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, tá gá leis chun comhpháirteanna phíblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó iad a athionadú;

(b) ní théann na cineálacha earraí, teicneolaíochtaí agus cúnamh a iarradh thar na cineálacha earraí agus teicneolaíochta a onnmhairíodh roimhe sin , nó an cúnamh a sholáthraíodh roimhe sin ón Aontas, ó thír is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ón Eilvéis nó ó tír comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VII chuig an Rúis chun comhpháirteanna de phíblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó a iad a athionadú, agus cúnamh gaolmhar;

(c) tá na méideanna a iarradh i gcomhréir leis na méideanna a úsáidtear chun comhpháirteanna de phíblíne CPC agus den bhonneagar lena mbaineann a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó iad a athionadú; agus

(d) cuirfidh duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi réir Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 na hearraí agus an teicneolaíocht sin ar fáil go heisiach le haghaidh úsáid deiridh in oibriú, cothabháil riachtanach, deisiú nó athsholáthar comhpháirteanna na píblíne CPC agus an bhonneagair lena mbaineann..

2. De mhaolú ar Airteagal 1k, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí innealtóireachta seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí tástála teicniúla agus seirbhísí anailíse a údarú chun píblínte de CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú agus chothabháil a dhéanamh orthu, ar píblínte iad atá riachtanach chun earraí a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine a iompar agus nach bhfuil á luchtú isteach sa Rúis, ag imeacht as an Rúis nó idirthuras tríd an Rúis ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) is gá na seirbhísí sin a sholáthar chun comhpháirteanna de phíblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil riachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó a iad athionadú; agus

(b) is duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn na seirbhísí sin faoi réir Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1 agus 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Agus údarú á dheonú faoi mhíreanna 1 agus 2, ceanglóidh an t-údarás inniúil go gcuirfear deimhniú úsáideora deiridh agus tuarascálacha rialta mionsonraithe i láthair lena léirítear nach ndearnadh aon earraí, teicneolaíocht ná seirbhísí den sórt sin a atreorú ón gcríoch a beartaíodh dóibh le linn na n-oibreacha ábhartha. Féadfaidh sé coinníollacha breise a fhorchur, i gcomhréir le mír 1.';

(22) leasaítear Airteagal 4r mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4, 4c, 4d, 4g, 4j agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII, X, XI, XVI XVIII XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, chomh maith le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a cheadúnú a dhíol, a cheadúnú, nó a aistriú ar aon bhealach eile chomh maith le cearta rochtana nó athúsáide a dheonú ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a luaitear thuas a údarú go dtí an 31 Nollaig 2023, i gcás ina bhfuil géarghá le díol, soláthar, nó aistriú, ceadúnú, deonú cearta rochtana nó athúsáide den sórt sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar Airteagal 4, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú go dtí an 31 Márta 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, an soláthar nó an t-aistriú sin ar mhaithe leis an dífheistiú ó chomhfhiontar arna ionchorprú nó arna bhunú faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022, lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, agus a oibríonn bonneagar píblíne gáis idir an Rúis agus tríú tíortha.';

(c) i mír 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'2a. De mhaolú ar Airteagal 1K, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Márta 2024 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas.';

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2b. De mhaolú ar Airteagal 1k(2), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí comhairleacha dlíthiúla a údarú, go dtí an 31 Márta 2024, ar seirbhísí iad a cheanglaítear leis an dlí chun díol nó aistriú ceart dílseánaigh atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis a thabhairt chun críche le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 1a, 2, 2a nó 2b laistigh de choicís ón údarú.';

(f) scriostar mír 4;

(23) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 5a*

1. Cuirfear toirmeasc ar earraí agus ar theicneolaíocht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú.

3. Ní áireofar in Iarscríbhinn XIV ach earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide íogaire, nó earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata, teicneolaíoch agus tionsclaíoch na Rúise, nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise, ar bhealach lena neartófaí cumas na Rúise cogadh a chur, agus a bhfuil a n-onnmhairiú chuig an Rúis toirmiscthe faoin gCinneadh seo agus lena mbaineann ardriosca agus riosca leanúnach go ndéanfar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ó thríú tíortha chuig an Rúis tar éis iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ón Aontas. Sonrófar in Iarscríbhinn XIV, i gcás gach ítim earra nó teicneolaíochta a liostaítear, na tríú tíortha a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chucu.

Ní áireofar in Iarscríbhinn XIV ach tríú tíortha a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle gur mhainnigh siad go córasach agus go leanúnach cosc a chur ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta, mar a liostaítear san Iarscríbhinn sin chuig an Rúis agus a onnmhairítear ón Aontas, in ainneoin fhor-rochtain agus cúnamh an Aontais roimh ré don tír atá i dtrácht.

4. Mura bhfuil toirmeasc ar earraí nó teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis faoi dhíolúintí áirithe dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, ní chuirfear toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chuig duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú , ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha céanna is infheidhme faoin gCinneadh seo maidir le honnmhairiú chuig an Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

5. Díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí nó teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn XIVI chuig duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis, más féidir leis na húdaráis inniúla é a údarú i gcomhréir leis an gCinneadh seo, féadfaidh na húdaráis inniúla a ndíol, a sholáthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chuig duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna shonrú a údarú faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir le maoluithe i ndáil le honnmhairiú chuig an Rúis nó lena úsáid sa Rúis.';

(24) leasaítear na hIarscríbhinní mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Beidh feidhm ag Pointe 24 maidir le ceann amháin de na heintitis nó roinnt de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ón 1 Deireadh Fómhair agus ar choinníoll go gcinneann an Chomhairle amhlaidh d'aon toil, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES:

'IARSCRÍBHINN IV

Liostaítear san Iarscríbhinn seo daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ar úsáideoirí deiridh míleata iad, ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise iad nó a bhfuil naisc tráchtála nó naisc eile acu le hearnáil cosanta agus slándála na Rúise nó a thacaíonn leo ar bhealach eile. Rannchuidíonn na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Áirítear orthu sin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí i dtríú tíortha diomaite den Rúis. Ní hionann iad a áireamh san Iarscríbhinn seo agus freagracht as a gcuid gníomhaíochtaí a leagan ar an dlínse ina mbíonn siad ag oibriú.

Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(7), 3a(7) agus 3b(1)

1. Sirius, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

2. Stankoinstrument, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

3. JSC Chemcomposite, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

4. Kalashnikov, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

5. Tula Arms Plant, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

6. NPK Technologii Maschinostrojenija (An Rúis)

7. Wysokototschnye Kompleksi, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

8. Almaz Antey, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

9. NPO Bazalt, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

10. Admiralty Shipyard, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

11. Aleksandrov Scientific Research Technological Institute NITI (An Rúis)

12. Argut, Cuideachta Theoranta(An Rúis)

13. Communication center of the Ministry of Defense (An Rúis)

14. Federal Research Center Boreskov Institute of Catalysis (An Rúis)

15. Federal State Budgetary Enterprise of the Administration of the President of Russia (An Rúis)

16. Federal State Budgetary Enterprise Special Flight Unit Rossiya of the Administration of the President of Russia (An Rúis)

17. Federal State Unitary Enterprise Dukhov Automatics Research Institute (VNIIA) (An Rúis)

18. Foreign Intelligence Service (SVR) (An Rúis)

19. Forensic Center of Nizhniy Novgorod Region Main Directorate of the Ministry of Interior Affairs (An Rúis)

20. International Center for Quantum Optics and Quantum Technologies (the Russian Quantum Center) (An Rúis)

21. Irkut Corporation (An Rúis)

22. Irkut Research and Production Corporation Public Joint Stock Company (An Rúis)

23. Joint Stock Company Scientific Research Institute of Computing Machinery (An Rúis)

24. Central Research Institute of Machine Building (JSC TsNIIMash), Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

25. Kazan Helicopter Plant Repair Service, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

26. Shipyard Zaliv, Cuideachta Comhstoic (Clós Longthógála Zaliv) (Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé, arna hionghabháil go neamhdleathach ag an Rúis)

27. Rocket and Space Centre – Progress, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

28. Kamensk-Uralsky Metallurgical Works, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

29. Kazan Helicopter Plant, Cuideachta Comhstoic Phoiblí(An Rúis)

30. Komsomolsk-na-Amur Aviation Production Organization (KNAAPO) (An Rúis)

31. Ministry of Defence RF (An Rúis)

32. Moscow Institute of Physics and Technology (An Rúis)

33. NPO High Precision Systems, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

34. NPO Splav, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

35. OPK Oboronprom (An Rúis)

36. Beriev Aircraft Company, Cuideachta Comhstoic Phoiblí (An Rúis)

37. Irkut Corporation, Cuideachta Comhstoic Phoiblí (An Rúis)

38. Kazan Helicopters, Cuideachta Comhstoic Phoiblí (An Rúis)

39. Institiúid Taighde POLYUS de chuid M.F. Stelmakh Joint Stock Company, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

40. Promtech-Dubna, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

41. Public Joint Stock Company United Aircraft Corporation (An Rúis)

42. Radiotechnical and Information Systems (RTI) Concern (An Rúis)

43. Rapart Services LLC (An Rúis)

44. Rosoboronexport, Cuideachta Comhstoic Oscailte(ROE) (An Rúis)

45. Rostec (Russian Technologies State Corporation) (An Rúis)

46. Rostekh – Azimuth (An Rúis)

47. Russian Aircraft Corporation MiG (An Rúis)

48. Russian Helicopters, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

49. SP KVANT (Sovmestnoe Predpriyatie Kvantovye Tekhnologii) (An Rúis)

50. Sukhoi Aviation, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

51. Sukhoi Civil Aircraft (An Rúis)

52. Tactical Missiles Corporation, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

53. Tupolev, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

54. UEC-Saturn (An Rúis)

55. United Aircraft Corporation (An Rúis)

56. AeroKompozit, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

57. United Engine Corporation (An Rúis)

58. UEC-Aviadvigatel, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

59. United Instrument Manufacturing Corporation (An Rúis)

60. United Shipbuilding Corporation (An Rúis)

61. PO Sevmash, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

62. Krasnoye Sormovo Shipyard (An Rúis)

63. Severnaya Shipyard (An Rúis)

64. Shipyard Yantar (An Rúis)

65. UralVagonZavod (An Rúis)

66. Baikal Electronics (An Rúis)

67. Center for Technological Competencies in Radiophtonics (An Rúis)

68. Central Research and Development Institute Tsiklon (An Rúis)

69. Crocus Nano Electronics (An Rúis)

70. Dalzavod Ship-Repair Center (An Rúis)

71. Elara (An Rúis)

72. Electronic Computing and Information Systems (An Rúis)

73. ELPROM (An Rúis)

74. Engineering Center Ltd. (An Rúis)

75. Forss Technology Ltd. (An Rúis)

76. Integral SPB (An Rúis)

77. Element, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

78. Pella-Mash, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

79. Shipyard Vympel, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

80. Kranark LLC (An Rúis)

81. Lev Anatolyevich Yershov (Ershov) (An Rúis)

82. LLC Center (An Rúis)

83. MCST Lebedev (An Rúis)

84. Miass Machine-Building Factory (An Rúis)

85. Microelectronic Research and Development Center Novosibirsk (An Rúis)

86. MPI VOLNA (An Rúis)

87. N.A. Dollezhal Order of Lenin Research and Design Institute of Power Engineering (An Rúis)

88. Nerpa Shipyard (An Rúis)

89. NM-Tekh (An Rúis)

90. Novorossiysk Shipyard, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

91. NPO Electronic Systems (An Rúis)

92. NPP Istok (An Rúis)

93. NTC Metrotek (An Rúis)

94. GosNIIkhimanalit, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

95. Svetlovskoye Predpriyatiye Era, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

96. TSRY, Cuideachta Comhstoic Oscailte (An Rúis)

97. Elkomtekh (Elkomtex), Cuideachta Theoranta (An Rúis)

98. Planar, Cuideachta Theoranta (An Rúis)

99. Sertal, Cuideachta Theoranta (An Rúis)

100. Photon Pro LLC (An Rúis)

101. Zvezda, Cuideachta Comhstoic Phoiblí (An Rúis)

102. Amur Shipbuilding Factory, Cuideachta Comhstoic Phoiblí (An Rúis)

103. AO Center of Shipbuilding and Ship Repairing, Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

104. AO Kronshtadt (An Rúis)

105. Avant Space LLC (An Rúis)

106. Production Association Strela (An Rúis)

107. Radioavtomatika (An Rúis)

108. Research Center Module (An Rúis)

109. Robin Trade Limited (An Rúis)

110. R.Ye. Alekseyev Central Design Bureau for Hydrofoil Ships (An Rúis)

111. Rubin Sever Design Bureau (An Rúis)

112. Russian Space Systems (An Rúis)

113. Rybinsk Shipyard Engineering (An Rúis)

114. Scientific Research Institute of Applied Chemistry (An Rúis)

115. Scientific-Research Institute of Electronics (An Rúis)

116. Scientific Research Institute of Hypersonic Systems (An Rúis)

117. Scientific Research Institute NII Submikron (An Rúis)

118. Sergey IONOV (An Rúis)

119. Serniya Engineering (An Rúis)

120. Severnaya Verf Shipbuilding Factory (An Rúis)

121. Ship Maintenance Center Zvezdochka (An Rúis)

122. State Governmental Scientific Testing Area of Aircraft Systems (GkNIPAS) (An Rúis)

123. State Machine Building Design Bureau Raduga Bereznya (An Rúis)

124. State Scientific Center AO GNTs RF—FEI A.I. Leypunskiy Physico-Energy Institute (An Rúis)

125. State Scientific Research Institute of Machine Building Bakhirev (GosNIImash) (An Rúis)

126. Tomsk Microwave and Photonic Integrated Circuits and Modules Collective Design Center (An Rúis)

127. UAB Pella-Fjord (An Rúis)

128. United Shipbuilding Corporation '35th Shipyard', Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

129. United Shipbuilding Corporation 'Astrakhan Shipyard', Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

130. United Shipbuilding Corporation 'Aysberg Central Design Bureau', Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

131. United Shipbuilding Corporation 'Baltic Shipbuilding Factory' Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

132. United Shipbuilding Corporation 'Krasnoye Sormovo Plant OJSC', Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

133. United Shipbuilding Corporation SC 'Zvyozdochka', Cuideachta Comhstoic (An Rúis)

134. United Shipbuilding Corporation 'Pribaltic Shipbuilding Factory Yantar' (An Rúis)

135. United Shipbuilding Corporation ‘Scientific Research Design Technological Bureau Onega’ (An Rúis)

136. United Shipbuilding Corporation ‘Sredne-Nevsky Shipyard’ (An Rúis)

